Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12651/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0258 (COD)**

**GAF 24**
**FIN 1055**
**ECOFIN 1144**
**CADREFIN 183**
**CODEC 1233**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 462 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2034 ('Clár Pericles IV') chun na Ballstáit neamh-rannpháirteacha a chumhdach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 462 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 462 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 462 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2034 ('Clár Pericles IV') chun na Ballstáit neamh-rannpháirteacha a chumhdach**

{SWD(2025) 253 final}

# IARSCRÍBHINN

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ ATÁ INCHÁILITHE LE hAGHAIDH CISTIÚCHÁIN

(1) Beidh na malartuithe agus scaipeadh faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 8(5), pointe (a), dírithe, i measc nithe eile, ar an méid seo a leanas:

- dea-chleachtais maidir le góchumadh agus calaois a bhaineann le góchumadh a chosc chomh fada agus a bhaineann sé leis an euro, lena n-áirítear bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don euro digiteach amach anseo,
- modheolaíochtaí chun faireachán agus anailís a dhéanamh ar an tionchar eacnamaíoch agus airgeadais atá ag góchumadh;
- bunachair shonraí agus córas réamhrabhaidh a fheidhmiú;
- uirlisí braite, lena n-áirítear iad sin a bhfuil cúltaca ríomhaire acu, a úsáid;
- modhanna fiosrúcháin agus imscrúdaithe;
- cúnamh eolaíoch, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí nua, agus maidir le bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an Intleacht Shaorga agus maidir leis na deiseanna imscrúdaitheacha a sholáthraítear léi,
- an euro a chosaint lasmuigh den Aontas;
- gníomhaíochtaí taighde;
- saineolas oibríochtúil sonrach a sholáthar;

(2) Áireofar an méid seo a leanas go háirithe sa chúnamh teicniúil, eolaíoch agus oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 8(5), pointe (b):

- aon bheart iomchuí lena mbunaítear acmhainní múinteoireachta ar leibhéal an Aontais, amhail lámhleabhar maidir le reachtaíocht an Aontais, bullaitíní eolais, lámhleabhair phraiticiúla, gluaiseanna agus foclóirí, bunachair shonraí, go háirithe i réimse an chúnaimh eolaíoch nó na faire teicneolaíochta, nó feidhmchlár tacaíochta ríomhaire, amhail bogearraí agus uirlisí na hIntleachta Saorga;
- staidéir ábhartha a bhfuil gné ildisciplíneach agus thrasnáisiúnta acu, lena n-áirítear taighde ar ghnéithe slándála nuálacha;
- uirlisí agus modhanna tacaíochta teicniúla a fhorbairt chun gníomhaíochtaí braite a éascú ar leibhéal an Aontais;
- tacaíocht do chomhar i gcás oibríochtaí ina bhfuil ar a laghad dhá thírpáirteach nuair nach féidir tacaíocht den sórt sin a sholáthar ó chláir eile de chuid institiúidí agus comhlachtaí an Aontais;

(3) Chun críoch Airteagal 8(6), áireofar an méid seo a leanas i ngrúpaí gairmeacha incháilithe:

- foireann gníomhaireachtaí atá ag gabháil do ghóchumadh a bhrath agus a chomhrac, go háirithe fórsaí póilíneachta;
- riaracháin chustaim agus airgeadais;
- seirbhísí beartseachadta:

- pearsanra faisnéise;
- ionadaithe de chuid na mbanc ceannais náisiúnta, na miontaí, na mbanc tráchtála agus idirghabhálaithe airgeadais eile, go háirithe maidir le hoibleagáidí institiúidí airgeadais;
- baill foirne cúirte, ionchúisitheoirí, breithimh, dlíodóirí speisialaithe agus comhaltaí eile den bhreithiúnacht atá inniúil sa réimse seo;
- aon ghrúpa eile saineolaithe lena mbaineann, amhail comhlachais tráchtála agus tionscail nó struchtúir inchomparáide atá in ann rochtain a sholáthar ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, miondíoltóirí agus cuideachtaí iompair airgid thirim.